CEACHT 24

AG CEANNACH MILSEÁN



Pictiúr: Radharc:

(a) An seomra suite, Aintín Máire ag teacht isteach an doras; Páid, Bríd agus Nóirín sa seomra suite ag fáiltiú roimpi, píosaí airgid le cur i láimh na haintín de réir mar a oireann. (b) Laistigh den siopa milseán, an siopadóir taobh thiar den chuntar; úll, barra seacláide agus milseáin le cur i lámha na bpáistí de réir mar a oireann; ceithre phingin. Comhartha ceiste agus ciorcal cainte.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

An Domhnach a bhí ann. Tháinig Aintín Máire ar cuairt. Thug sí airgead do na leanaí. Rith an triúr acu go dtí an siopa. Cheannaigh Bríd úll agus barra seacláide. Cheannaigh a dearthár a lán milseán. Níor cheannaigh Nóirín aon rud fós.

Agallamh

AN SIOPADÓIR: Céard atá uaitse, a Nóirín?
NÓIRÍN: Ba mhaith liom úll más é do thoil é.
AN SIOPADÓIR: An bhfuil mórán airgid agat?
NÓIRÍN: Tá ceithre phingin agam.
AN SIOPADÓIR: Seo duit úll, mar sin.
NÓIRÍN: Go raibh maith agat.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén lá a bhí ann?
Tháinig duine éigin?
Céard a rinne sí?
Inis dom faoin triúr acu.
Céard a rinne Bríd ansin?
Agus a dearthár?
Céard faoi Nóirín?

Cuir ceist ar Nóirín, a "shiopadóir".
Inis dó, a "Nóirín".
Cuir ceist uirthi faoin airgead, a "shiopadóir".
Inis dó, a "Nóirín".
Tabhair úll di, mar sin, a "shiopadóir".
Céard a deir tú anois, a "Nóirín"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Tháinig* Aintín Máire.

   (*anois, gach lá, amárach;* níor, ar?: *inné;* an? ní: *amárach*).

2. *Thug* sí airgead dóibh.

   (*anois, gach lá, amárach;* ar? níor: *inné;* an? ní: *amárach*).

3. Thug sí airgead *do na páistí.*

   (*tusa, mise, eisean, sibh, iadsan, Seán*).

4. Céard atá *uait*?

   (*tusa, an siopadóir, eisean, Máire*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Drámaí beaga:
   (a) Chaill Páid an briseadh—an chaint a tharla idir Páid agus Mamaí.
   (b) Páiste mar shiopadóir, páistí eile ag ceannach milseán, etc.

3. Cuntas ó pháistí ar "Lá ag Siopadóireacht".

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Leathphunt milseán, más é do thoil é,
Barra seacláide, más é do thoil é,
Úll is oráiste, más é do thoil é,
A deir na leanaí sa siopa.

Curfá

Sa siopa, sa siopa,
Ag ceannach milseán sa siopa,
Sa siopa, sa siopa,
Ag ceannach milseán Dé Domhnaigh.